**Leasú 26**
**Esteban González Pons**
thar ceann Ghrúpa PPE

**Tuarascáil** **A9-0211/2020**
**Pascal Durand**
Athbhreithniú ar thoghcháin Eorpacha
(2020/2088(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Aithris W**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| W. de bhrí go bhféadfadh ***tograí institiúideacha amhail liostaí trasnáisiúnta, mar a luaigh an Pharlaimint i rún uaithi an 7 Feabhra 2018 ar chomhdhéanamh Pharlaimint*** na hEorpa, ***páirtithe agus gluaiseachtaí*** polaitiúla Eorpacha ***a chur i gcroílár na dtoghchán Eorpach, an Chomhairle a thiontú ina dara dlísheomra de chuid an Aontais, mar a moladh i rún uaithi an 16 Feabhra 2017 maidir le hathruithe agus coigeartuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar leagan amach institiúideach reatha an Aontais Eorpaigh, nó an fhéidearthacht a thabhairt isteach do pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus gluaiseachtaí Eorpacha comhghuaillíochtaí réamhthoghcháin a chur ar bun, cuidiú leis na toghcháin Eorpacha a chlaochlú ina dtoghchán Eorpach aonair***, seachas an cnuasach de 27 ***dtoghchán*** náisiúnta ar leith atá ann inniu; | W. de bhrí ***go bhfuil gá le feabhsuithe*** institiúideacha ***chun fíor-réimse*** polaitiúil Eorpach ***a bhaint amach*** seachas an cnuasach de 27 ***ndíospóireacht*** náisiúnta ar leith atá ann inniu; |

Or. en